
# Nuachtlitir Scoil Mhic Dara

Eochairfhocail: nuachtlitir, agallamh, cuardach focal, foireann, pobal, Oíche Shamhna

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht.

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cad is ainm don scoil a bhfuil nuachtlitir nua á seoladh inti?
2. Ainmnigh rud amháin atá sa nuachtlitir, dar le hIarnán?
3. Cén scoil eile a chabhraigh le daltaí Scoil Mhic Dara an nuachtlitir a chur le chéile?
4. Cén áit is féidir le daoine teacht ar an nuachtlitir?
5. Ainmnigh grúpa amháin daoine a dtabharfar an nuachtlitir dóibh?



**Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat tabhairt faoin léamhthuiscint seo?**

Nuachtlitir Scoil Pheadair

Haigh a chairde. Is muid daltaí rang a sé Scoil Pheadair agus tá nuachtlitir an téarma seo díreach críochnaithe againn. Táimid an-bhródúil aisti. Tá cúig leathanach inti. Tá an nuachtlitir lán le nithe iontacha, mar shampla tá cuardach focal ann, agallamh le príomhoide na scoile, tráth na gceist beag, cúpla fógra faoi imeachtaí a bheidh ag tarlú sa scoil sa chéad téarma eile agus tuairisc faoin gcluiche ceannais peile a bhuamar cúpla seachtain ó shin. Thóg sé trí lá orainn an nuachtlitir a chur i dtoll a chéile. Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl don Mháistir Ó Murchú as an gcabhair a thug sé dúinn an nuachtlitir a chur le chéile. Beidh an chéad nuachtlitir eile ag teacht amach seachtain roimh shaoire na Nollag. Tá smaointe maithe againn cheana féin don nuachtlitir áirithe sin.

**Ceisteanna Eolais agus Tuairimíochta**

1. Cén rang i Scoil Pheadair a rinne an nuachtlitir?
2. Cé mhéad leathanach atá sa nuachtlitir?
3. Breac síos dhá rud atá sa nuachtlitir.
4. Cén fhad a thóg sé ar na daltaí an nuachtlitir a chur le chéile?
5. Cathain a bheidh an chéad nuachtlitir eile ag teacht amach ó dhaltaí rang a sé Scoil Pheadair?
6. An bhfuil nuachtlitir scríofa ag na daltaí i do scoil féin?

# Na Freagraí

1. Scoil Náisiúnta Mhic Dara
2. Rudaí faoi Oíche Shamhna, cuardach focal, agallamh faoi Ann Marie ag dul amach ar scor agus traidisiúin Oíche Shamhna
3. Scoil Chuimsitheach Chiaráin
4. Ar líne agus cóip fhisiciúil a fháil ón scoil
5. Daltaí, foireann agus pobal na scoile

1. Rang a sé
2. Cúig
3. Cuardach focal, agallamh, tráth na gceist, fógraí agus tuairisc peile.
4. trí lá
5. Seachtain roimh shaoire na Nollag
6. Má tá, cérbh iad na rudaí a bhí inti?

